

Ábhar

An Léann Dúchais: Piseoga agus Síoga

Míreanna Físe

An Dr. Lillis Ó Laoire ag labhairt faoi phiseoga

Cathal Ó Searcaigh ag labhairt faoi dhearcadh a mháthar ar na síoga

Le caoinchead ó McGraw Hill

Téacsanna Léitheoireachta

Sliocht as téacs ar shuíomh gréasáin Chnuasach Bhéaloideas Éireann

Le caoinchead ó Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Sliocht as alt le Nuala Ní Dhomhnaill: ‘*Why I Choose to Write in Irish: The Corpse that Sits Up and Talks Back*’. In *Nuala Ní Dhomhnaill Selected Essays* eag. Oona Frawley. New Island Books: 2005

Le caoinchead ón údar agus ó New Island Books

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar an téacs d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Piseoga agus Sióga

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá mhír físe – an Dr. Lillis Ó Laoire, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, ag caint faoin ngné is mó den bhéaloideas a thaitníonn leis agus an file Cathal Ó Searcaigh ag caint faoi dhearcadh a mháthar ar an slua sí. Sula bhféachann tú ar na míreanna, déan an réamhobair thíos.

Plé

- An raibh deis agatsa staidéar a dhéanamh ar an mbéaloideas mar chuid de do chúrsa?
- Cén cur síos a bheadh agat ar ‘béaloideas’?
- An bhfuil aon scéal suimiúil béaloidis agat a bhaineann le do cheantar féin?
- Cén míniú / cur síos a bheadh agat ar ‘piseog’? Pléigh agus scríobh sainmhíniú.
- Pléigh an ráiteas ‘ó tháinig an leictreachas sa cheantar seo, tá na púcaí imithe’.

Tascanna

- Déan liosta de na piseoga atá ar eolas agat. Pléigh firinne chúpla ceann de na piseoga sin leis an duine in aice leat.
- Féach ar an téacs thíos as suíomh gréasáin Chnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus pléigh na focail agus na frásaí sa chló dubh.
- Féach ar shuíomh Chnuasach Bhéaloideas Éireann ag <http://www.ucd.ie/irishfolklore/ga/> agus faigh tuilleadh eolais faoin mbailiúchán atá ann.

Fáilte chuig Cnuasach Bhéaloideas Éireann ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ina gcoimeádtar ceann de na cnuasaigh is mó ábhair bhéil agus **eitneolaíochta** ar domhan. Tugtar cuireadh do chuartheoirí iniúchadh a dhéanamh ar an rogha ollmhór leabhar, lámhscríbhinní, taifeadtaí fuaimne, fístéipeanna agus grianghraf, léaráidí agus péintéireachtaí a phléann le saol, **stairsheanchas** agus cultúr na hÉireann. Tá leabhair, **tréimhseacháin** agus **seach-chlónna** a bhaineann le béaloideas agus eitneolaíocht na hÉireann, agus i réimsí comparáideacha chomh maith, le fáil sa tsainleabharlann.

...Coimeádtar 10,000 éigin uair an chloig de thaifeadtaí fuaimne le cainteoirí Béarla agus Gaeilge, a taifeadadh le linn tréimhse níos faide ná céad bliain, i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Baineann na taifeadtaí le han-chuid gnéithe éagsúla de bhéaloideas na hÉireann, lena n-áirítear **litríocht bhéil**, ceol agus amhránaíocht, nósanna agus creidimh, stairsheanchas srl.

Sa bhliain 1937, chuir Coimisiún Béaloideas Éireann, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Cumann Múinteoirí Éireann, tús le scéim réabhlóideach inar tugadh spreagadh do leanaí scoile chun béaloideas agus stair áitiúil a bhailiú agus a dhóiciméadú. Le linn thréimhse ocht mí dhéag, spreagadh 100,000 éigin dalta i 5,000 bunscoil sna sé chontae is fiche de Shaorstát Éireann chun ábhar béaloidis ina ndúichí baile a bhailiú. Ar na hábhair ar cuireadh na leanaí ag déanamh taighde agus ag scríobh fúthu, áiríodh stair agus **séadchomharthaí** áitiúla, scéalta béaloidis agus **finscéalta**, **tomhaiseanna** agus

seanfhocail, amhráin, nósanna agus creidimh, cluichí agus caithimh aimsire, cleachtais oibre agus **ceirdeanna** traidisiúnta, srl. Bhailigh na leanaí go príomha óna dtuismitheoirí agus a seantuismitheoirí agus daoine eile níos sine sa phobal áitiúil nó i ndúiche na scoile. Bailíodh breis is leathmhíliún leathanach lámhscríbhinní d'ábhar an-luachmhar mar thoradh ar an scéim, ar a dtugtar Bailiúchán Lámhscríbhinní na Scol anois.

Le caoinchead ó Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.

Éisteacht

Anois féach ar na míreanna físe agus déan liosta de na piseoga a luaitear iontu.

Feasacht Teanga

- Roghnaigh an leagan ceart de na frásaí thíos as an téipscript agus pléigh cén fáth a bhfuil siad ceart.

ceann de na gnéithe is mó **a dhírím / a ndírím** air scéalta faoi dhaoine **ar éirigh / a d'éirigh** go maith leo faoin dóigh **a dtiocfadh / ar thiocfadh** le bean fear a fháil

- ‘cúigear iníonacha’

Scríobh an leagan ceart de na focail idir lúibíní.

beirt (mac)	13 (múinteoir)
ceathrar (mac)	12 (banaltra)
ochtar (múinteoir)	cúigear (státseirbhíseach)
beirt (múinteoir)	beirt (fostaí)
seachtar (dochtúir)	ceathrar (ollamh)
beirt (deartháir)	seisear (leanbh)
triúr (fear)	ochtar (bean)

- ‘...gur pósadh gach bean dá cuid iníonacha...’

Cén fhoirm den bhriathar atá sa fhrása thuas? Pléigh agus cuir an fhoirm chéanna den bhriathar in áit an bhriathair i lúibíní thíos.

Níor cruthaíodh riamh gur (abair) na rudaí sin
Níor chreid sí riamh go (bí) sásta an scéim a chur i bhfeidhm.
Dúirt sí liom gur (clois) go raibh a leithéid déanta.
Ní chreidim gur (déan) an beart.
Cathain a (faigh) an deontas?
Nuair a (tar) ar an tuairim sin, bhí sé ródhéanach.
Nuair a (téigh) i ngleic leis an bhfadhb tháinig feabhas ar rudaí.

- Cén Ghaeilge a chuirfeá ar na frásaí thíos?

they got married
they're engaged
they got engaged
the phone is engaged
I was at the wedding
it's my parents' anniversary
Congratulations on your wedding day

- Cén cineál iolra atá i gceist in 'áitreabh na sióg'? Pléigh agus cuir an leagan céanna de na focail thíos ar fáil.

costas + (na húlla)
caighdeán + (na bróga)
de shiúl + (na cosa)
rialacha + (na leabharlanna)
biachláir + (na bialanna)

- Tá brí ar leith ag na focail 'sráid' agus 'scála' sa chomhthéacs thíos. Cén bhrí? Cén acmhainn a mbainfeá úsáid aisti chun cabhrú leat?

'Chaitheadh sí na soithí a ní i scála'
'Ag dul amach a chaitheamh an t-uisce amach ar an tsráid'

- Cén Béarla a chuirfeá ar na focail / frásaí thíos?

ní raibh léann ar bith uirthise
i mbéal an dorais
deasghnáth
áitreabh

Iarobair

- Cad é an scéal púcaí / an scéal scanrúil is fearr a chuala tú riamh (i) ó bhéal; (ii) i scannán; (iii) i leabhar? Inis an scéal do do ghrúpa.
- Cad iad na tréithe a bhaineann le scannán / leabhar scéinséara maith? Déan liosta.
- Léigh an sliocht seo as an alt '*Why I Choose to Write in Irish: The Corpse that Sits Up and Talks Back*' le Nuala Ní Dhomhnaill agus déan na cleachtaí. Sa sliocht áirithe seo tá sí ag cur síos ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

Indeed, there is a drawer in the index entitled 'Neacha neamhbheo agus nithe nach bhfuil ann' ('unalive things and things that don't exist'). Now I am not the greatest empiricist in the world but this one has even me stumped. Either they exist or they don't exist. But if they don't exist why does the card index about them stretch the length of my arm? Yet that is the whole point of this material and its most enduring charm. Do these beings exist? Well, they do and they don't. You see, they are beings from 'an saol eile', 'the otherworld', which in Irish is a concept of such impeccable intellectual rigor and credibility that it is virtually impossible to translate into English, where it all too quickly becomes fey and twee and 'fairies-at-the-bottom-of-the-garden'.

The way so-called depth psychologists go on about the subconscious nowadays you'd swear they had invented it, or at the very least stumbled on a ghostly and ghastrly continent where mankind had never previously set foot. Even the dogs in the street in West Kerry know that the 'otherworld' exists and, and that to be in and out of it constantly is the most natural thing in the world.

This constant tension between reality and fantasy, according to Jeffrey Gantz, the translator of 'Early Irish Myths and Sagas', is characteristic of all Celtic art, but manifests itself particularly in the literature of Ireland. Mr. Gantz believes that it is not accidental to the circumstances of the literary transmission but is rather an innate characteristic, a gift of the Celts. It means that the 'otherworld' is not simply an anticipated joyful afterlife; it is also – even primarily – an alternative to reality.

This easy interaction with the imaginary means that you don't have to have a raving psychotic breakdown to enter the 'otherworld'. The deep sense in the language that something exists beyond the ego-envelope is pleasant and reassuring, but it is also a great source of linguistic and imaginative playfulness, even in the most ordinary and banal of occasions.

© Nuala Ní Dhomhnaill 2005. Sliocht tógtha as '*Why I Choose to Write in Irish: The Corpse that Sits Up and Talks Back*' le Nuala Ní Dhomhnaill in *Nuala Ní Dhomhnaill Selected Essays* eag. Oona Frawley. New Island Books: 2005. Le caoinchead ón údar agus ó New Island Books.

- o Cad atá á rá ag Nuala sa sliocht seo? Tabhair féin agus do pháirtí achoimre ó bhéal.
- o Cad a shíleann tú faoin abairt seo? ...*even the dogs in the street in West Kerry know that the 'otherworld' exists and, and that to be in and out of it constantly is the most natural thing in the world...*
- o ...*it is virtually impossible to translate into English, where it all too quickly becomes fey and twee and 'fairies-at-the-bottom-of-the-garden'*... Cad atá i gceist aici leis an méid thuas? An aontaíonn tú léi? An féidir leat smaoineamh ar shamplaí den rud atá i gceist aici, dar leat?

Téipscript

Mír 1: Lillis Ó Laoire

Sé an ghné den bhéaloideas is fearr a thaitníonn liomsa anois ná an creideamh traidisiúnta agus na gnéithe uilig a bhaineann leis sin. Baineann sé le dearcadh ar an tírdhreach agus ar an talamh, baineann sé leis an tslua sí, baineann sé le, mar a déarfá, toibreacha beannaithe agus baineann sé le pisreogaí agus an cineál sin rud uilig go léir, creideamh sa leigheas traidisiúnta, orthaí agus mar sin de. Le blianta beaga anuas tá mé ag obair mar léachtóir anseo i nGaillimh agus tá mic léinn ag teacht chugam agus spéis acu sna gnéithe seo. Agus trína gcuid taighde siúd tá mé féin ag foghlaim cuid mhór mhór faoi na rudaí seo. Múinim dhá chúrsa ar an scéalaíocht agus ceann de na gnéithe is mó a ndírím air sa dara leath den chúrsa sin na scéalta faoin slua sí. Agus an caidreamh a bhí ag na Críostaithe – an pobal sa tsaol seo le pobal an tsaol eile. Agus tá scéalta éagsúla ansin faoi dhaoine ar éirigh go maith leo agus iad ag plé leis an tslua sí agus daoine eile a rinne rud éigin mícheart ar na daoine maithe mar a thugtaí orthu, agus nár éirigh chomh maith sin leo. Faoi láthair tá mac léinn agam agus tá sí ag déanamh staidéar iontach spéisíúil ar phisreogaí. Agus bhí scéal iontach aici faoin dóigh a dtiocfadh le bean fear a fháil. Agus sé an bealach a bhí ann de réir an seanchaí agus an scéalaí Eddie Bheairtle Ó Conaola as an Aird Thiar i gCarna i gConamara ná cac an ghandail bháin. Sé sin, bhí ort roinnt caca a fháil ó ghandal bán nach raibh aon chleite dubh nó liath ann. Agus bhí ort é sin a thriomú agus é a chasadh isteach i bpáipéar. Agus dá dtabharfá é sin leat agus tú ag dul ag céilí nó ag damhsa bheadh an t-ádh ort. Agus d’inis an seanchaí chomh maith faoi bhean a raibh cúigear iníonacha aici agus tháinig sí chuige ag iarraidh an tsalachair seo agus dúirt sé gur oibrigh sé di – gur pósadh gach bean dá cuid iníonacha gan stró ar bith.

Mír 2: Cathal Ó Searcaigh

Anois, mo mháthair, bhí spéis mhillteanach aici sna siógaí. Ní raibh léann ar bith uirthise. Ní raibh léamh ná scríobh aici ach bhí eolas iontach aici ar na siógaí agus tógadh mé i dteach a bhí faoi dhraíocht ag na siógaí. Is cuimhneach liomsa nuair a bhíodh mo mháthair ag ní na soitheach. Ag an am ní raibh uisce ar bith againn insa teach, ní raibh uisce reatha ar bith againn agus chaitheadh sí na soithí a ní i scála. Agus nuair a bheadh na soithí nite aici agus í ag dul amach a chaitheamh an t-uisce amach ar an tsráid, sheasódh sí i gcónaí i mbéal an dorais, ar feadh, b’fhéidir, bomaite beag, ar eagla is go mbeadh na siógaí ag dul thart agus, dá gcaithfeadh sí an t-uisce amach orthu bheadh siad iontach míshásta.

Bhí an cineál sin deasghnáth iontach tábhachtach. Agus ní cheadódh sí do m’athair crann a ghearradh anuas ná baint de sceacha ná clocha móra a bhí thart fán teach a bhogadh, mar ba sin áitreabh na sióg. Agus thug sí cúram iontach don chineál sin rud!

Le caointhead ó McGraw Hill.